# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*
**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Tiarnas Thír Eoghain***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Cén comhaontú a rinneadh idir Tír Eoghain agus Ó Domhnaill sa Srath Bán, dar le doiciméad A?

   (b) Cén plean a bhí ag Tír Eoghain do na buannachtaí a bhí socraithe aige, dar le doiciméad A?

   (c) Tabhair dhá chúis ar thug Séamas I pardún d'Aodh Ó Néill, Iarla Thír Eoghain, dar le doiciméad B.

   (d) Conas a d'athraigh iompar Aoidh Uí Néill i leith na Banríona Eilís sna blianta roimh a bás, dar le doiciméad B?

(20)

2. (a) Conas a d'athraigh polasaithe Aoidh Uí Néill i leith choróin Shasana idir 1600 agus 1603? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is mó a insíonn dúinn faoi chumhacht agus thionchar Aoidh Uí Néill, iarla Thír Eoghain? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

3. (a) Tabhair measúnacht ar cé chomh maith agus a bhí Aodh Ó Néill ullmhaithe, mar atá léirithe i ndoiciméad A.

   (b) An dtugann doiciméad B le tuiscint go raibh Aodh Ó Néill athbhunaithe go hiomlán san ionad a bhí aige roimhe sin tar éis Chogadh na Naoi mBliana? Tacaigh le do fhreagra agus tagairt agat do dhoiciméad B.

(20)

4. Cén fáth ar theip ar an dúshlán a thug Aodh Ó Néill don chumhacht ríoga in Éirinn ar deireadh thiar?

(40)

## - Doiciméad A -

**Is sliocht coimrithe é seo as litir ó shaighdiúir Éireannach i gcampa Aoidh Uí Néill, Iarla Thír Eoghain, chuig Sir Geoffrey Fenton, coimisinéir do ghnóthaí Uladh. Ba é 3 Eanáir 1600 dáta na litreach.**

Bhí roinnt easaontais idir Tír Eoghain agus Ó Domhnaill nuair a bhuail siad le chéile sa Srath Bán, ach tháinig siad ar aon fhocal arís agus tá geallta acu go ndéanfaidh siad ionradh ar Pháil na Sasanach. Beidh siad réidh le cur chun siúil i gceann cúpla lá agus níl siad ach ag fanacht ar chuid dá n-arm.

Tá Tír Eoghain tar éis 2,500 buannacht níos mó ná mar a bhí aige roimhe seo a shocrú, agus lonnófar an dá fhórsa sin in dhá dhún in aice leis an Iúr a bhfuil sé i gceist aige iad a dhaingniú.

Tá ordú tugtha aige dá chairde atá ina gcónaí sa Chúil agus i mBaile Mhic Scanláin na háiteanna sin a fágáil agus a gcuid caoraíochtaí in éineacht leo, ar fhaitíos go n-úsáidfí iad chun fóirithint a dhéanamh ar gharastún Dhún Dealgan, mar tá sé ar intinn aige léigear a dhéanamh ar gharastúin an Iúir agus Dhún Dealgan.

Tá Mac Mathúna, Cormac, Turloch Mac Anraí, agus Ó Raghallaigh ceaptha aige chun ionradh a dhéanamh ar Dhealbhna. Coinneoidh sé féin – in éineacht le Mac Somhairle, Mac Aonghusa, agus Ó hAnluain - campa buan don ionradh agus don léigear. Tá Ó Domhnaill, Mag Uidhir, agus Mac Liam le cúram a dhéanamh de Chonnachta, agus tá Brian Mac Airt agus Seán Mac Braoin le haghaidh a thabhairt ar gharastún Chnoc Fhearghusa.

Foinse: *Calendar of State Papers, Ireland*.

## - Doiciméad B -

**Is forógra é seo a rinne Séamas I (Londain, 1603) inar thug sé pardún d'Aodh Ó Néill, Iarla Thír Eoghain, agus inar thug sé ar ais dó a ghradam mar Iarla.**

Tuigtear dúinn gur léirigh an tIarla mórán comharthaí ar a aithreachas don Bhanríon Eilís I sular bhásaigh sí. Chuaigh sé i bhfeidhm chomh mór sin uirthi gur thug sí cumhacht dá Fear Ionaid, an Tiarna Mountjoy, atá anois mar Ionadaí againne ar Ríocht na hÉireann, trócaire a dhéanamh air, dá mbeadh sin á lorg aige.

Ní dhearna an t-iarla céanna aon choir inár leith ó thángamar i gCoróin sa ríocht seo. Thug ár nIonadaí le fios dúinn go cinnte go bhfuil sé tar éis éirí as aon dílseacht a bhí aige do chumhacht eachtrach agus gur thairg sé go gcuideodh sé le dul i ngleic le reibiliúnaigh eile in Éirinn.

Ní fhéadfaimis a mheas go bhfuil níos lú fabhair tuillte aige uainne ná mar a fuair sé uaithise, a ndearna sé na cionta ina coinne. Dá bhrí sin, de bhua na cumhachta a thug an Bhanríon dó ar an gcéad dul síos agus atá á deimhniú anois againne, glacann ár bhFear Ionaid leis ina riocht is ina staid mar ghéillsineach dílis, agus faoi chéim agus faoi ghradam Iarla.

Mheasamar gur chóir go mbeadh a fhios ag cách go bhfuilimid ag glacadh leis inár ngrásа agus inár bhfabhar. Agus má mhaslaíonn aon duine Iarla Thír Eoghain, i bhfocail nó i ngníomh, measfaimid a leithéid mar chion a thuilleann pionós.

Foinse: *Proclamation by the King James I pardoning Hugh O'Neill, Earl of Tyrone, and restoring his dignity*, (Londain, 1603).

## ROINN 2: ÉIRE
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*
### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuir polasaithe Poynings agus Skeffington leis an meathlú a tháinig ar chumhacht Iarlaí Chill Dara? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag díscaoileadh na mainistreacha agus/nó athruithe eile creidimh sa tréimhse seo ar Éirinn? (100)
3. Cad iad na róil a bhí ag na tiarnaí, na saorshealbhóirí agus na bodaigh i sochaí na nGael? (100)
4. Cén fáth ar tugadh isteach polasaí plandála i Laois agus in Uíbh Fhailí, conas a cuireadh i gcrích é agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis? (100)

*Éire: Topaic 3*
### Ríocht nó coilíneacht – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na polasaithe a bhí ag Sir Thomas Wentworth i leith na hÉireann agus conas a chuir siad lena thurnamh? (100)
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoi úinéireacht talún in Éirinn ón staidéar a rinne tú ar phlandáil stáit agus phríobháideach? (100)
3. Conas a d'athraigh Éire de bharr fheachtas míleata Chromail? (100)
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí na Ceithre Máistrí agus/nó misean Lobháin maidir le cultúr na hÉireann a chaomhnú? (100)

*Éire: Topaic 4*
### Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth nár shásaigh polasaithe Shéarlas II i leith na hÉireann Caitlicigh ná Protastúnaigh? (100)
2. Cad iad na príomhthosca a raibh tionchar acu ar thrádáil na hÉireann, 1660-1715? (100)
3. Cén fáth a raibh idirdhealú ar bhonn creidimh mar pholasaí in Éirinn agus cén tionchar a bhí aige ar shochaí na hÉireann sa tréimhse seo? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le deireadh chóras na mBard Gaelach agus/nó leis na filí Seacaibíteacha? (100)

*Éire: Topaic 5*

**Coilíneacht nó ríocht – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag an gCinsealacht Phrotastúnach in Éirinn, 1715-1770? (100)
2. Cad a bhí ag déanamh imní do Dean Swift ina chuid litreacha Drapier? (100)
3. Cad iad na príomhchúiseanna a bhí leis an gcorraíl faoi chúrsaí talún, cad iad na bealaí inar tharla an chorraíl agus cén toradh a bhí uirthi, 1715-1770? (100)
4. Le linn na tréimhse 1715-1770, cad iad na forbairtí cultúir a bhí ina ndíol suntais i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: amharclannaíocht; ceol; filíocht? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a d’athraigh Henry Grattan agus na hÓglaigh Éire? (100)
2. An aontófá gur theip ar na hÉireannaigh Aontaithe Éireannaigh a aontú? Déan do chás a áitiú agus tagairt faoi leith agat d’Éirí Amach Loch Garman. (100)
3. Cén tionchar sóisialta agus eacnamaíoch a bhí ag tionscail an chadáis agus an línéadaigh agus/nó teacht chun cinn Bhéal Feirste sa tréimhse seo? (100)
4. Cé a bhunaigh Coláiste Mhá Nuad, cén fáth ar bunaíodh é, agus cé chomh maith agus a baineadh amach aidhmeanna a bunaitheoirí? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic thíos a roghnaíonn tú.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuaigh fionnachtain an Domhain Nua i bhfeidhm ar an Eoraip i gcoitinne agus ar Sevilla go háirithe? (100)
2. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Machiavelli agus/nó Michelangelo don Athbheochan? (100)
3. Cén fáth ar thosaigh an Reifirméisean sa Ghearmáin agus cén fáth nár éirigh go hiomlán leis? (100)
4. Cad a chuir an Ghinéiv Chailvíneach go sonrach leis an Reifirméisean? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar sheol Pilib II Armáid na Spáinne agus cén fáth ar theip uirthi? (100)
2. Cén fáth ar tháinig meathlú ar chalafort Antuairp (Antwerp) agus cad iad na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha a bhain leis an meathlú sin? (100)
3. Cad iad na haidhmeanna a bhí ag Catherine de Medici agus cad a d’éirigh léi a bhaint amach? (100)
4. Cén tábhacht a bhain leis na hÍosánaigh agus/nó le Comhairle Trento sa Fhrith-Reifirméisean? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuaigh an réabhlóid mhíleata agus/nó ceannairí míleata mar Wallenstein i bhfeidhm ar an gCogadh Tríocha Bliain? (100)
2. Conas a chuir polasaithe Olivares le héirí amach na gCatalónach agus cén fáth ar mhair an t-éirí amach chomh fada sin? (100)
3. Cén chaoi agus cén fáth ar bhunaigh na Dúitsigh impireacht san Áise? (100)
4. Conas a chuir Hugo Grotius le modhanna nua smaointeoireachta faoin bpolaitíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a bhain polasaithe Louis XIV an bonn den Fhrainc? (100)
2. Cén fáth ar éirigh na Streltsy amach agus conas a cuireadh an t-éirí amach faoi chois? (100)
3. Cén fáth ar bhain comhlachtaí trádála mar Chomhlacht (Sasanach) na hIndia Thoir tábhacht amach dóibh féin i gcúrsaí trádála idirnáisiúnta ag an am seo? (100)
4. Cén chaoi agus cén fáth a raibh an frith-Chaitliceachas chomh suntasach sin ag mórán leibhéal sa tsochaí i Sasana ag an am seo? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an Eagnaíocht: Montesquieu; Voltaire; Diderot; Rousseau? (100)
2. Sa tréimhse seo conas a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an trádáil idirnáisiúnta: siúcra; tobac; sclábhaithe? (100)
3. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an Boston Tea Party i Réabhlóid Mheiriceá? (100)
4. Cé chomh heagnaí agus a bhí duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas mar rialtóir: Caitríona Mhór na Rúise; Feardorcha Mór na Prúise; Maria Theresa na hOstaire? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na himeachtaí agus na hidéanna a raibh tús na réabhlóide sa Fhrainc in 1789 mar thoradh orthu? (100)
2. Cén fáth ar bunaíodh Coiste na Slándála Poiblí agus cad a bhain sé amach? (100)
3. Conas a chuaigh na réabhlóidí talmhaíochta agus tionsclaíochta i bhfeidhm ar Mhanchain sa tréimhse seo? (100)
4. Conas a chuir feachtais Napoléon le fás an náisiúnachais san Eoraip trí chéile? (100)

# Leathanach Bán